

# Saol Ella




## Eipeasóid 3: Ceacht 2

Tá an ceacht seo bunaithe ar an gclár *Saol Ella* – Eipeasóid 3: Cuid 2 **(11:05 – 23:00).**
Tá an mhír físe ar fáil ag: **https://snas.ie/lessons/eipeasoid-3-ceacht-2/**

**A. RÉAMHOBAIR**

Sula mbreathnóidh tú ar an mír físe, pléigh na ceisteanna seo a leanas.

1. Tá an spotsolas ar **bheithígh Mhurt** sa chlár seo. An bhfuil aon chur amach agat féin ar shaol na feirme? An bhfuil aon spéis agat in ainmhithe? Cén t-ainmhí is fearr leat? An bhfuil peata agat sa bhaile?

2. Is carachtar lárnach é **Barra de Barra** sa chlár seo. Tá pearsantacht fhuinniúil aige. Is **tionchaire ceoil** é agus tá an-chuid leantóirí aige ar na meáin shóisialta. An leanann tú féin aon tionchaire? Cé hiad agus cén fáth a leanann tú iad?

3. Tagann **cúrsaí faisin** chun cinn go mór sa chlár seo. **Éadaí áille**, **smideadh**, **béaldath** agus **seodra** na nithe atá le feiceáil. An bhfuil suim agat i gcúrsaí faisin? An maith leat dul chuig na siopaí le do chairde chun éadaí deasa nua a cheannach?






© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**B. CLUASTUISCINT**

Anois, féach ar an mír físe agus freagair na ceisteanna thíos.

1. **Cén t-ábhar cainte a bhí ag na Gaeilgeoirí istigh i leithreas na gcailíní**
    a. cluiche sacair
    b. ceolchoirm
    c. cuairt Bharra de Barra ar an gcoláiste
    d. cúrsaí grá



2. Cad iad an dá threoir a thugann Máirín Jude do Shaorla sula n-imíonn sí sa charr le Murt?
    a. Cuir an t-aláram ar siúl.
    b. Fan go mbeidh an Gaeilgeoir deireanach imithe ar an mbus.
    c. Dún na fuinneoga ar fad sa teach sula n-imíonn tú.
    d. Cuir an dá dhoras faoi ghlas.
3. Cad a bhí ar strae ar an mbóthar agus Ella agus a cairde ar a mbealach go dtí an coláiste?
4. Cén saghas rince a bhí ar siúl ag Josh agus na cailíní sa choláiste?
    a. rince Gaelach
    b. an tango
    c. flamenco
    d. rince hip-hop
5. Déanann Barra de Barra cur síos ar an saghas oibre a dhéanann sé san fhíseán a thaispeántar sa choláiste. Cé acu ceann de na habairtí seo is fearr a dhéanann cur síos ar shaol gnóthach Bharra?
    a. Bíonn sé an-ghnóthach ag taisteal timpeall na tíre.
    b. Caithfidh sé an-chuid ríomhphost a scríobh agus a fhreagairt.
    c. Caithfidh sé bualadh le bannaí ceoil éagsúla agus grianghraif a ghlacadh leo.
    d. Caithfidh sé an-chuid siopadóireachta a dhéanamh.
6. Cad é an rud a bhristear i halla an choláiste nuair a sheasann na Gaeilgeoirí suas ag iarraidh a fháil amach cad as a bhfuil an boladh bréan ag teacht?
7. Conas a thagann Barra de Barra i gcabhair ar Ghearóidín agus ar Fherdia i halla an choláiste?
    a. Cuireann sé ceolchoirm ar bun.
    b. Tosaíonn sé ag aisteoireacht.
    c. Tosaíonn sé ag canadh.
    d. Cuireann sé céilí ar bun.
8. Cad a shocraíonn athair Ella di tar éis dó labhairt le Murt?



9. Cén uirlis cheoil a sheinneann Ella agus Dan le linn a chuairte ar theach Ella?
10. Tá Ella an-bhuíoch dá hathair ag deireadh an chláir. Fíor nó bréagach?



snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**C. STÓR FOCAL & SAIBHREAS TEANGA**

1. Meaitseáil na focail agus na téarmaí Gaeilge ar chlé leis na focail agus na téarmaí Béarla ar dheis.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | tionchaire | *a.* | *nausea* | 1. | |
| 2. | dáiríre píre | *b.* | *heartbroken* | 2. | |
| 3. | beithígh | *c.* | *projector* | 3. | |
| 4. | ruaig a chur | *d.* | *influencer* | 4. | |
| 5. | croíbhriste | *e.* | *selfie* | 5. | |
| 6. | saol mealltach | *f.* | *visitor* | 6. | |
| 7. | féinín | *g.* | *cattle* | 7. | |
| 8. | múisc | *h.* | *really and truly* | 8. | |
| 9. | teilgeoir | *i.* | *field* | 9. | |
| 10. | puiteach | *j.* | *attractive life* | 10. | |
| 11. | garraí | *k.* | *to get rid of* | 11. | |
| 12. | cuairteoir | *l.* | *mud* | 12. | |



2. **Líon na bearnaí:** Bain úsáid as na focail agus frásaí Gaeilge ó Cheist 1. thuas chun na bearnaí sna habairtí thíos a líonadh. Bí cúramach - tá **dhá cheann** de na focail/frásaí nach mbainfidh tú úsáid astu ar chor ar bith.

a. Caithfear an _________ __ _________ ar na ___________sin ón mbóthar.
b. Bheadh Ella ____________ mura mbeadh sí in ann ___________a ghlacadh leis an ____________ Barra de Barra.
c. Nuair a thit an ____________ bhí deireadh leis an scannán faoi Bharra de Barra.
d. Ceapann gach duine go bhfuil __________ _____________________ ag Barra de Barra ach oibríonn sé go crua.
e. Tá an _____________ ina bhfuil beithígh Mhurt lán le ____________.
f. Bhí __________ ar na Gaeilgeoirí ar fad i halla an choláiste nuair a fuair siad an drochbholadh ó bhríste Shaorla.

**D. SCRÍOBH**

Is carachtar an-spéisiúil agus difriúil é Barra de Barra. Is léir gur aoibhinn le hElla agus a cairde é agus gur réalta mhór cheoil é. Déan iarracht postáil ar na meáin shóisialta a dhearadh le teacht Bharra de Barra go Coláiste Mhaigh Rua a fhógairt. San fhógra luaigh na nithe seo a leanas:



- dáta, am agus áit
- cén saghas imeachta atá i gceist
- fad an imeachta
- beathaisnéis bheag ar Bharra de Barra



snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**E. FEASACHT TEANGA**

Úsáidtear an **modh coinníollach** go minic sa tsraith seo. Tá rialacha faoi leith ag baint leis an modh coinníollach:



- Cuirtear **séimhiú** ar bhriathar dar tús consain (**dh**únfainn, **ch**eannóinn).
- Cuirtear **d’** roimh **ghuta** nó **fh** ag tús an bhriathair (**d’ó**lfainn, **d’fh**anfainn)
- Úsáidtear **dá/mura + urú** le *‘if’* a chur in iúl (dá **nd**únfainn, mura **gc**eannóinn, dá **n-ó**lfainn, mura **n-í**osfainn)
- Is iondúil go gcuirtear na deirí seo a leanas leis an mbriathar sa mhodh coinníollach:

**An Chéad Réimniú**

briathar leathan: féad

| |
|---|
| **d’**f**h**éad**fainn** |
| **d’**f**h**éad**fá** |
| **d’**f**h**éad**fadh** sé/sí |
| **d’**f**h**éad**faimis** |
| **d’**f**h**éad**fadh** sibh |
| **d’**f**h**éad**faidís** |
| **d’**f**h**éad**faí** (saorbhriathar) |

briathar caol: cuir

| |
|---|
| c**h**uir**finn** |
| c**h**uir**feá** |
| c**h**uir**feadh** sé/sí |
| c**h**uir**fimis** |
| c**h**uir**feadh** sibh |
| c**h**uir**fidís** |
| c**h**uir**fí** (saorbhriathar) |


**An Dara Réimniú**

briathar leathan: ceannaigh

| |
|---|
| c**h**eann**óinn** |
| c**h**eann**ófá** |
| c**h**eann**ódh** sé/sí |
| c**h**eann**óimis** |
| c**h**eann**ódh** sibh |
| c**h**eann**óidís** |
| c**h**eann**ófaí** (saorbhriathar) |

briathar caol: athraigh

| |
|---|
| **d’**athr**óinn** |
| **d’**athr**ófá** |
| **d’**athr**ódh** sé/sí |
| **d’**athr**óimis** |
| **d’**athr**ódh** sibh |
| **d’**athr**óidís** |
| **d’**athró**faí** (saorbhriathar) |







snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**Briathra neamhrialta**

Chun na briathra neamhrialta a chumadh sa mhodh coinníollach, cuimhnigh ar thús an bhriathair san aimsir fháistineach agus cuir séimhiú/ d’ agus na deirí thuas leis. Is é an briathar ‘’bí’ an briathar neamhrialta is coitianta sa mhodh coinníollach.

1. Líon na táblaí thíos leis an bhfoirm chuí den bhriathar sa mhodh coinníollach.
   Bain úsáid as www.teanglann.ie mura bhfuil tú cinnte faoi aon cheann acu.



| |
|---|
| bí + mé: |
| bí + tú: |
| bí + sé/sí: |
| bí + muid: |
| bí + sibh: |
| bí + siad: |
| saorbhriathar: |

| |
|---|
| téigh + mé: |
| tar + tú: |
| tabhair + sé/sí: |
| faigh + muid: |
| feic + sibh: |
| clois + siad: |
| ith + mé |
| abair + tú: |
| déan + briathra saor: |
| beir + briathar saor: |

2. Anois, **líon an bearnaí** sna habairtí thíos leis an bhfoirm chuí den mhodh coinníollach:
   a. Ba bhreá le Murt dá (fan) _______________ na beithígh sa gharraí.
   b. (Bí) _____________ Ella sásta dá (léirigh) _______________ Josh spéis inti.
   c. Mura (bí) ________________ deacrachtaí airgeadais ag Dan ní (glac) ______________ sé le Gaeilgeoirí.
   d. (Cuir) ______________ sé fearg ar Ella dá (tabhair – briathar saor) ______________ uirthi a seomra codlata a roinnt leis na Gaeilgeoirí.
   e. Dá (beir) _____________ Gearóidín ar aon Ghaeilgeoir i dteach Dan ag úsáid an fhóin phóca, (téigh) _________________ sí ar mire.
   f. Mura (goid) _______________Liam na fóin phóca ó sheomra codlata Lúsaí, ní (cuir) ______________ sí a doras faoi ghlas.
   g. (Seinn) _____________ Ella cúpla amhrán do Bharra de Barra dá (iarr) ___________ sé uirthi é sin a dhéanamh.
   h. Mura (bí) ______________ boladh bréan ó bhríste Shaorla (fan) _____________ gach duine socair agus (féach: siad) _________________ ar an gcuid eile den scannán go ciúin.
   i. Mura (bris) ________________ na Gaeilgeoirí an teilgeoir, (lean) ___________ an scannán ar aghaidh.
   j. Ní (chodail) _____________ Ella go sámh an oíche sin murach gur thug Barra de Barra cuairt uirthi.




snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad


3. Féach ar na habairtí thíos ó Eipeasóid 3: Cuid 2, agus cuir líne faoin bhfoirm cheart den bhriathar. Is féidir féachaint ar an mír físe arís leis na fotheidil Ghaeilge ar siúl le do chuid freagraí a sheiceáil.
    a. Ní (dhéanfaidh/ dhéanfadh/ dhéanfaidís) sé cúis dá (mbainfidís/ mbainfidh/ mbainfeadh) plaic aisti.
    b. Bhí Ella croíbhriste nach (bhféadfaí/bhféadfadh/bhféadfaidh) sí teacht tráthnóna.
    c. Agus mise croíbhriste nach (bhféadfinn/bhféadinn/bhféadfainn) í a scaoileadh isteach.
    d. Dá (scaoilhinn/scaoilfinn/scaoilfainn) le duine amháin (bheadh/beidh/bheidh) déagóirí an bhaile uilig sa mhullach orainn.
    e. (Bheidh/Bheadh/Bheidh) sé ina raic cheart thart anseo dá (mbeidh/mbedh/mbeadh) déagóirí uilig an bhaile anseo freisin.



4. Pléigh le do pháirtí ranga na rudaí a dhéanfá dá mbeadh go leor airgid agat. Ansin, scríobh deich n-abairt sa mhodh coinníollach le cur síos a dhéanamh ar na rudaí a dhéanfá dá mbuafá €10,000 i gcrannchur áitiúil.

| Dá mbuafainn €10,000 i gcrannchur áitiúil..... |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |
| 5. |
| 6. |
| 7. |
| 8. |
| 9. |
| 10. |







snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**FREAGRAÍ & TREOIR**

**A. RÉAMHOBAIR**

Is féidir na ceisteanna seo a phlé le chéile ag tús an ranga le cabhrú leis na daltaí réamheolas ábhartha faoin mír físe a thabhairt chun cuimhne sula mbreathnaíonn siad uirthi.

**B. CLUASTUISCINT**



1. d. cúrsaí grá
2. b. Fan go mbeidh an Gaeilgeoir deireanach imithe ar an mbus, agus d. cuir an dá dhoras faoi ghlas.
3. Beithígh Mhuirt
4. a. rince Gaelach
5. c. Caithfidh sé bualadh le bannaí ceoil éagsúla agus grianghraif a ghlacadh leo.
6. An teilgeoir.
7. d. Cuireann sé céilí ar bun.
8. Socraíonn sé go dtiocfaidh Barra de Barra ar cuairt go teach Ella.
9. An giotár.
10. Fíor

**C. STÓR FOCAL & SAIBHREAS TEANGA**

**1. Meaitseáil:**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| d | h | g | k | b | j | e | a | c | l | i | f |

**2. Líon na bearnaí:**

a. Caithfear an **ruaig a chur** ar na **beithígh** sin ón mbóthar.

b. Bheadh Ella **croíbhriste** mura mbeadh sí in ann **féinín** a ghlacadh leis an **tionchaire** Barra de Barra.

c. Nuair a thit an **teilgeoir,** bhí deireadh leis an scannán faoi Bharra de Barra.



d. Ceapann gach duine go bhfuil **saol mealltac**h ag Barra de Barra ach oibríonn sé go crua.

e. Tá an **garraí** ina bhfuil beithígh Mhurt lán le **puiteach**.

f. Bhí **múisc** ar na Gaeilgeoirí ar fad i halla an choláiste nuair a fuair siad an drochbholadh ó bhríste Shaorla.



snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**D. SCRÍOBH**

Iarr ar na daltaí póstaer a chruthú ag fógairt chuairt Bharra de Barra ar Choláiste Mhaigh Rua, bunaithe ar na pointí eolais a luaitear sa treoir.

**E. FEASACHT TEANGA**

**1.** Briathra neamhrialta sa mhodh coinníollach:

| |
|---|
| bí + mé: bheinn |
| bí + tú: bheifeá |
| bí + sé/sí: bheadh sé/sí |
| bí + muid: bheimis |
| bí + sibh: bheadh sibh |
| bí + siad: bheidís |
| saorbhriathar: bheifí |

| |
|---|
| téigh + mé: rachainn |
| tar + tú: thiocfá |
| tabhair + sé/sí: thabharfadh sé/sí |
| faigh + muid: gheobhaimis |
| feic + sibh: d'fheicfeadh sibh |
| clois + siad: chloisfidís |
| ith + mé: d'íosfainn |
| abair + tú: déarfá |
| déan + briathra saor: dhéanfaí |
| beir + briathar saor: bhéarfaí |



**2. Líon na bearnaí:**

a. Ba bhreá le Murt dá **bhfanfadh** na beithígh sa gharraí.
b. **Bheadh** Ella sásta dá **léireodh** Josh spéis inti.
c. Mura **mbeadh** deacrachtaí airgeadais ag Dan ní **ghlacfadh** sé le Gaeilgeoirí.
d. **Chuirfeadh** sé fearg ar Ella dá **dtabharfaí** uirthi a seomra codlata a roinnt leis na Gaeilgeoirí.
e. Dá **mbéarfadh** Gearóidín ar aon Ghaeilgeoir i dteach Dan ag úsáid an fhóin phóca, **rachadh** sí ar mire.
f. Mura **ngoidfeadh** Liam na fóin phóca ó sheomra codlata Lúsaí, ní **chuirfeadh** sí a doras faoi ghlas.
g. **Sheinnfeadh** Ella cúpla amhrán do Bharra de Barra dá **n-iarrfadh** sé uirthi é sin a dhéanamh.
h. Mura **mbeadh** boladh bréan ó bhríste Shaorla, **d'fhanfadh** gach duine socair agus **d'fhéachfaidís** ar an gcuid eile den scannán go ciúin.
i. Mura **mbrisfeadh** na Gaeilgeoirí an teilgeoir, **leanfadh** an scannán ar aghaidh.
j. Ní **chodlódh** Ella go sámh an oíche sin murach gur thug Barra de Barra cuairt uirthi.





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**3. Roghnaigh an fhoirm chuí:**

a. Ní **dhéanfadh** sé cúis dá **mbainfidís** plaic aisti.
b. Bhí Ella croíbhriste nach **bhféadfadh** sí teacht tráthnóna.
c. Agus mise croíbhriste nach **bhféadfainn** í a scaoileadh isteach.
d. Dá **scaoilfinn** le duine amháin **bheadh** déagóirí an bhaile uilig sa mhullach orainn.
e. **Bheadh** sé ina raic cheart thart anseo dá **mbeadh** déagóirí uilig an bhaile anseo freisin.



**4.** Tabhair am do na daltaí plé a dhéanamh i ngrúpaí beaga ar na rudaí a cheannóidís agus a dhéanfaidís le €10,000. Nuair a bheidh an plé críochnaithe, iarr orthu 10 n-abairt a scríobh bunaithe ar an bplé a bhí acu. Is féidir é seo a thabhairt mar obair bhaile chomh maith.





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad